Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Deireadh Fómhair 2021
(OR. en)

13053/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0344(NLE)**

**MI 758**
**ECO 110**
**ENT 170**
**UNECE 15**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 13155/21+ADD1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Fhóram Domhanda um Chomhchuibhiú Rialachán d'Fheithiclí faoi choimirce Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip a mhéid a bhaineann leis na tograí le haghaidh modhnuithe ar Rialacháin Uimh. 0, 14, 16, 22, 24, 37, 45, 48, 49, 55, 58, 67, 79, 83, 86, 90, 94, 95, 100, 101, 110, 116, 118, 125, 128, 129, 133, 134, 135, 137, 145, 149, 150, 151, 152, 153, 157, 158 agus 159 ó na Náisiúin Aontaithe, leis na tograí le haghaidh leasuithe ar Rúin Comhdhlúite R.E.3 agus R.E.5, leis na tograí le haghaidh leasuithe ar Rúin Fhrithpháirteacha M.R.1 agus M.R.2, agus leis na tograí le haghaidh údaruithe chun leasú a dhéanamh ar RTD ó na Náisiúin Aontaithe maidir le sábháilteacht coisithe agus chun RTDanna ó na Náisiúin Aontaithe a fhorbairt maidir le hAstaíochtaí Domhanda Fíorthiománа agus maidir le hastaíochtaí cáithníní coscán<br>- Glacadh |

1. Chuir an Coimisiún an togra thuas faoi bhráid na Comhairle an 22 Deireadh Fómhair 2021.

2. An 11 Deireadh Fómhair 2021, bhí malartú tuairimí ag an Meitheal um Chomhchuibhiú Teicniúil (Mótarfheithiclí) maidir le dréacht den togra ón gCoimisiún. Rinneadh an togra a thíolacadh agus a scrúdú go foirmiúil sa Mheitheal um Chomhchuibhiú Teicniúil (Mótarfheithiclí) an 25 Deireadh Fómhair 2021, tar éis don Choimisiún é a ghlacadh.

3. Tháinig na toscaireachtaí ar chomhaontú maidir le leasú amháin ar an togra ón gCoimisiún chun síneadh a chur leis an dáta cur i bhfeidhm le haghaidh sraith leasuithe nua 08 ar Rialachán Uimh. 48 ó na Náisiúin Aontaithe (Suiteáil feistí soilsiúcháin agus feistí comharthaíochta solais) go dtí an 1 Meán Fómhair 2024 i gcás cineálacha nua feithiclí.

4. Mar sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

– an comhaontú ar thángthas air sa Mheitheal a dhearbhú,

– a mholadh don Chomhairle téacsanna an Chinnidh ón gComhairle agus an seasamh a mhol an tAontas, mar a leagtar amach in 13160/21 agus 13161/21 iad tar éis do dhlítheangeolaithe bailchríoch a chur orthu, a ghlacadh i gcuid 'A' de chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

5. I gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, cuirfidh Ardrúnaíocht na Comhairle Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoi ghlacadh an Chinnidh seo.